# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/403 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Márta 2022**

**maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar chodanna áirithe rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1262)*

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad, agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/45 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a mhéid a bhaineann le leathnú na dleachta frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle chun allmhairí codanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a áireamh ([2]),

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú na díolúine d'allmhairí codanna áirithe rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón leathnú a rinneadh le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle ([3]), agus go háirithe Airteagail 4 go 7 de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag dleacht frithdhumpála ar allmhairí codanna riachtanacha rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") ("an dleacht leathnaithe") mar thoradh ar leathnú ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle ([4]).

(2) Faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 71/97, tugtar de chumhacht don Choimisiún na bearta is gá a ghlacadh chun díolúine a údarú maidir le hallmhairí codanna riachtanacha rothar nach dtéann timpeall ar an dleacht frithdhumpála.

(3) Tá na bearta cur chun feidhme sin leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ("an Rialachán díolúine") ón gCoimisiún, Rialachán lena mbunaítear an córas díolúine sonrach.

(4) Ar an mbonn sin, tá roinnt cóimeálaithe rothar díolmhaithe ón dleacht leathnaithe ag an gCoimisiún.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 16, 21.1.2020, lch. 7.
([3]) IO L 17, 21.1.1997, lch. 17.
([4]) IO L 16, 18.1.1997, lch. 55.

(5) Mar a fhoráiltear in Airteagal 16(2) den Rialachán díolúine, d'fhoilsigh an Coimisiún liostaí de na páirtithe díolmhaithe ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]).

(6) Glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme is déanaí ón gCoimisiún a bhaineann le díolúintí faoin Rialachán díolúine an 15 Aibreán 2021 ([6]).

(7) Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

(8) An 25 Lúnasa 2019, fuair an Coimisiún iarraidh ar dhíolúine ón gcuideachta Pholannach Rowerland Piotr Tokarz ("Rowerland") ("an chuideachta") mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun a chinneadh an raibh an iarraidh sin inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán díolúine.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán díolúine, go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le fiúntas na hiarrata, cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe i leith aon allmhaire de chodanna riachtanacha rothar a dhearbhaigh Rowerland le haghaidh saorchúrsaíochta ar fionraí ón lá a fuair an Coimisiún a iarraidh ar dhíolúine agus í cuí-réasúnaithe.

(10) Sannadh cód breise TARIC C529 don pháirtí a liostaítear i dTábla 1, chun allmhairí na gcodanna riachtanacha rothar a dearbhaíodh le haghaidh saorchúrsaíochta agus atá faoi réir fhionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe a shainaithint.

*Tábla 1*

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|---|
| C529 | Rowerland Piotr Tokarz | ul. Klubowa 23,<br>PL-32-600 Broszkowice, an Pholainn | 17.10.2019 |

(11) I gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán díolúine, shainaithin an Coimisiún an tréimhse 1 Samhain 2019-31 Deireadh Fómhair 2020 mar an tréimhse a bheidh le himscrúdú chun gníomhaíochtaí Rowerland le linn na tréimhse fionraí a fhíorú agus chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh díolúine a dheonú ("an tréimhse imscrúdaithe").

(12) In Eanáir 2021, arna chomhlánú tuilleadh i mBealtaine 2021, chuir Rowerland sonraí agus figiúirí ar fáil don Choimisiún ar dá réir a chomhlíonfadh an chuideachta na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán díolúine le linn na tréimhse imscrúdaithe le go mbeadh sí díolmhaithe.

(13) Go háirithe, rinne Rowerland líomhain maidir leis an méid seo a leanas: a) gur úsáideadh codanna riachtanacha rothar chun rothair a chóimeáil i gcainníochtaí is airde ná an tairseach 299 n-aonad de réir chineál na gcodanna riachtanacha rothar ar bhonn míosúil ("riail *de minimis*") agus b) go gcomhfhreagraíonn an breisluach do na codanna a tugadh isteach le linn a oibríochtaí cóimeála do níos mó ná 25 % den chostas monaraíochta ("critéar breisluacha 25 %"). Dá bhrí sin, níor tháinig a hoibríochtaí cóimeála faoi raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 an 8 Meitheamh 2016 ("an bun-Rialachán"). Thairis sin, níor mhaígh Rowerland gurbh ionann na codanna a tugadh isteach ón tSín agus níos lú ná 60 % de luach iomlán na gcodanna a úsáideadh sna hoibríochtaí cóimeála le linn na tréimhse imscrúdaithe de bhun Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán ("critéar 60-40 %").

([5]) IO C 45, 13.2.1997, lch. 3, IO C 112, 10.4.1997, lch. 9, IO C 220, 19.7.1997, lch. 6, IO L 193, 22.7.1997, lch. 32, IO L 334, 5.12.1997, lch. 37, IO C 378, 13.12.1997, lch. 2, IO C 217, 11.7.1998, lch. 9, IO C 37, 11.2.1999, lch. 3, IO C 186, 2.7.1999, lch. 6, IO C 216, 28.7.2000, lch. 8, IO C 170, 14.6.2001, lch. 5, IO C 103, 30.4.2002, lch. 2, IO C 35, 14.2.2003, lch. 3, IO C 43, 22.2.2003, lch. 5, IO C 54, 2.3.2004, lch. 2, IO L 343, 19.11.2004, lch. 23, IO C 299, 4.12.2004, lch. 4, IO L 17, 21.1.2006, lch. 16, IO L 313, 14.11.2006, lch. 5, IO L 81, 20.3.2008, lch. 73, IO C 310, 5.12.2008, lch. 19, IO L 19, 23.1.2009, lch. 62, IO L 314, 1.12.2009, lch. 106, IO L 136, 24.5.2011, lch. 99, IO L 343, 23.12.2011, lch. 86, IO L 119, 23.4.2014, lch. 67, IO L 132, 29.5.2015, lch. 32, IO L 331, 17.12.2015, lch. 30, IO L 47, 24.2.2017, lch. 13, IO L 79, 22.3.2018, lch. 31, IO L 171, 26.6.2019, lch. 117, IO L 138, 30.4.2020, lch. 8, IO L 158, 20.5.2020, lch. 7, IO L 325, 7.10.2020, lch. 74, IO L 140, 23.4.2021, lch. 1.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/659 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar chodanna áirithe rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún (IO L 140, 23.4.2021, lch. 1).

(14) I mí na Samhna 2021, thug an Coimisiún cuairt fíorúcháin ar áitreabh na cuideachta chun fiúntas an iarratais ar dhíolúine a scrúdú.

(15) Le linn a scrúdaithe, shuigh seirbhísí an Choimisiúin an méid seo a leanas:

(a) chomhlíon Rowerland na rialacha *de minimis* mar a luaitear in aithris (13) i dtéarmaí líon na gcodanna rothar a ceannaíodh agus a úsáideadh don ghníomhaíocht cóimeála, agus mar atá fíoraithe le líon na rothar cóimeáilte araon;

(b) na figiúirí a d'úsáid an chuideachta chun comhlíonadh rialacha frith-imchéimniúcháin a léiriú, d'fhéadfaí iad a réiteach leis na figiúirí atá taifeadta sa chóras cuntasaíochta;

(c) níor ceadaíodh leis an gcóras cuntasaíochta a d'úsáid Rowerland don chomhlacht tionscnamh na gcodanna rothar a ceannaíodh agus a úsáideadh sna hoibríochtaí cóimeála a rianú agus dá bhrí sin, ní rabhthas in ann an critéar 60-40 % a mheasúnú;

(d) léirigh an t-imscrúdú nár mhonaraigh Rowerland aon chuid de na rothair, seachas na rothaí;

(e) i gcomhréir leis na doiciméid agus na mínithe a thug Rowerland le linn an phróisis fíorúcháin, leasaíodh roinnt costas a thuairiscigh Rowerland mar bhreisluach mar a shonraítear faoi phointí (i)-(ii) thíos, agus níor glacadh le costais eile mar a shonraítear faoi phointí (iii)-(v) thíos mar chostais a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí cóimeála:

(i) ríomh Rowerland an méid a tuairiscíodh mar chostais fuinnimh dhíreacha ar bhonn líon na n-oibrithe a sannadh do na hoibríochtaí cóimeála agus rinneadh an méid a tuairiscíodh mar chostais fuinnimh indíreacha a ríomh ar bhonn líon na bhfostaithe riaracháin. Measadh nach raibh an mhodheolaíocht sin iomchuí ós rud é go mbaineann na costais fuinnimh leis an áitreabh ina dtarlaíonn na hoibríochtaí cóimeála seachas leis an líon fostaithe. Dá bhrí sin, rinneadh na costais fuinnimh a athríomh agus a leithdháileadh ar bhonn mhéadair chearnacha an áitribh ina ndearnadh na hoibríochtaí cóimeála (costais fuinnimh dhíreacha) agus ar bhonn mhéadair chearnacha na hoifige agus na dtrádstóras inar stóráladh na codanna de rothair (costais fuinnimh indíreacha);

(ii) leasaíodh an méid a thuairiscigh Rowerland mar chíos/léas agus a liostaítear mar chostas monaraíochta indíreach mar gheall ar earráid chléireachais;

(iii) áiríodh leis an méid a thuairiscigh Rowerland mar chostais fuinnimh indíreacha costais fuinnimh le haghaidh áitreabh nach bhfuil nasctha le hoibríochtaí cóimeála na cuideachta. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar na costais sin ó chostais mhonaraíochta na rothar;

(iv) áiríodh sa mhéid a thuairiscigh Rowerland faoi "costais mhonaraíochta dhíreacha eile" costais a bhaineann le codanna rothar nár úsáideadh le linn na tréimhse imscrúdaithe a phéinteáil. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar na costais sin freisin ó chostais mhonaraíochta na rothar arna gcóimeáil le linn na tréimhse imscrúdaithe;

(v) áiríodh ar an méid a thuairiscigh Rowerland mar dhímheas dímheas ar fhoirgnimh, saoráidí agus áitribh uile na cuideachta. Níor thuairiscigh an chuideachta aon dímheas ar innealra mar go raibh an trealamh teoranta atá faoi úinéireacht na cuideachta dímheasta cheana féin. Ós rud é nach raibh dímheas an fhoirgnimh tráchtála (siopa) agus na dtrádstóras a bhaineann leis nasctha le hoibríochtaí cóimeála, measadh gur speansais riaracháin seachas cuid de na costais mhonaraíochta a bhí ann.

(f) tar éis athríomha, ba lú ná 25 % den chostas monaraíochta an breisluach a chuir Rowerland isteach le linn na hoibríochta cóimeála.

(16) Mar thoradh air sin, níor chomhlíon an chuideachta na critéir le haghaidh díolúine. Go háirithe, le linn na tréimhse imscrúdaithe tháinig Rowerland faoi raon feidhme Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

(17) Ar na forais sin agus de bhun Airteagal 7(3) den Rialachán díolúine, ba cheart an t-iarratas ar dhíolúine a dhiúltú, agus ba cheart fionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán céanna a chur ar ceal.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart an dleacht leathnaithe a bhailiú go cúlghabhálach amhail ón dáta a tháinig an fionraí i bhfeidhm, is é sin an 17 Deireadh Fómhair 2019.

(19) An 25 Eanáir 2022, cuireadh an chuideachta ar an eolas faoi na torthaí thuas ar dá mbonn a raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh go ndiúltófaí dá hiarraidh ar dhíolúine, agus tugadh deis di barúil a thabhairt. Tugadh deis don chuideachta freisin éisteacht a fháil agus reáchtáladh éisteacht leis an gcuideachta.

(20) Sna barúlacha a thug Rowerland tar éis an nochta, chuir Rowerland i gcoinne an athbhreithnithe ar a chostais arna ndéanamh ag an gCoimisiún faoi mar a luaitear in aithris (15). Go háirithe, mhaígh Rowerland gur cheart speansais dímheasa a chomhfhreagraíonn do shaoráidí breise amhail an chearnóg phábháilte, an halla-puball agus an foirgneamh tráchtála lena thrádstóras a áireamh i méid an dímheasa a áiríodh i ríomh an bhreisluacha toisc go líomhnaítear go raibh baint dhíreach ag na saoráidí sin le hoibríochtaí cóimeála rothar agus/nó gur chuid dhílis den ghléasra ar fad iad.

(21) Mar nóta ginearálta, cuirtear in iúl go láidir, agus ríomh á dhéanamh, de bhun Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, an raibh an breisluach leis na codanna a tugadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála níos mó ná 25 % den chostas monaraíochta, gurb iad na costais a áiríodh i ríomh an bhreisluacha costais a tabhaíodh sa phróiseas monaraíochta as a dtagann luach méadaithe an táirge chríochnaithe de bhreis ar a chostais tosaigh (mar shampla costais mhonaraíochta, forchostais mhonarchan, dímheas saoráidí cóimeála, codanna a mhonaraítear go hinmheánach). Ba cheart, dá bhrí sin, na costais sin a thabhú go sonrach i bpróiseas monaraithe agus críochnaithe rothar. Chun críche breisluach a ríomh, ní chuirtear san áireamh na costais arna dtabhú ag an gcuideachta nach féidir a nascadh leis an bpróiseas monaraíochta le linn na tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ní áirítear cineálacha eile díola, speansais ghinearálta agus costais riaracháin nuair a ríomhtar an breisluach toisc nach dtabhaíonn an chuideachta na costais sin sa phróiseas monaraíochta, agus ní mhéadaíonn siad breisluach an táirge.

(22) Thairis sin, meabhraítear, mar a luaitear in aithris (15)(d), nár mhonaraigh Rowerland aon chodanna rothar, seachas rothaí rothar. Bhain na speansais dímheasa a tuairiscíodh le roinnt foirgneamh den chuid is mó. Léirigh an t-imscrúdú go raibh foirgneamh ag Rowerland freisin ó Aibreán 2020 ar aghaidh a úsáideadh chun rothair a dhíol. Dá bhrí sin, níor áiríodh dímheas an fhoirgnimh seo i ríomh an bhreisluacha. Mar sin féin, dímheas na bhfoirgneamh ina ndearnadh oibríochtaí cóimeála nó a raibh baint acu leis na hoibríochtaí cóimeála, áiríodh an dímheas sin agus an breisluach á ríomh. Thairis sin, chuir an Coimisiún san áireamh freisin cíos dhá thrádstóras inar stóráladh na codanna rothar toisc go bhfuil na costais sin nasctha leis an bpróiseas monaraíochta. Maidir leis an gcearnóg phábháilte agus leis an bpuball, níor cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil go raibh nasc díreach leis an oibríocht chóimeála. Ar aon chuma, is beag tionchar iarbhír a bheidh ag an tsaincheist seo, ós rud é go mbeadh an breisluach fós níos lú ná 25 %. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(23) Thairis sin, níor aontaigh Rowerland leis an athbhreithniú a rinne an Coimisiún ar na costais leictreachais a luaitear in aithris (15)(e)(i) agus aithris 15(e)(iii). Mhaígh sé gur roghnaigh iniúchóir deimhnithe an eochair leithdháilte a úsáideadh le haghaidh leictreachais. Níor cuireadh aon fhianaise isteach ina leith sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(24) Mhaígh Rowerland freisin gur cheart na speansais a bhaineann leis an uisce a sholáthraítear do na fostaithe agus diúscairt dramhaíola a áireamh i ríomh an bhreisluacha. Bhí na speansais sin chomh híseal sin, áfach, nach mbeadh aon tionchar ábhartha acu ar an mbreisluach a ríomh.

(25) Ar deireadh, mhaígh Rowerland gur thug sé an t-eolas mícheart go neamhbheartaithe d'fhoireann cáis an Choimisiúin le linn na cuairte fíorúcháin, eolas mícheart maidir leis an tréimhse úsáide a bhain le codanna rothar áirithe ar tharla costais phéinteála ina leith. Mhaígh sé gur úsáideadh na codanna sin chun rothair a chóimeáil le linn na tréimhse imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, gur cheart na costais phéinteála a chur san áireamh i ríomh an bhreisluacha.

(26) Tugann an Coimisiún dá aire nár cuireadh aon fhianaise isteach ina leith sin agus, dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh toisc nach raibh bunús leis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Diúltaítear leis seo don iarraidh ar dhíolúine ón dleacht frithdhumpála leathnaithe a thíolaic an páirtí a liostaítear i dtábla an Airteagail seo de bhun Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

**An páirtí a gcuirfear an fhionraí ar ceal ina leith**

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|---|
| C529 | Rowerland Piotr Tokarz | ul. Klubowa 23,<br>PL-32-600 Broszkowice, an Pholainn | 17.10.2019 |

*Airteagal 2*

Cuirtear fionraí íocaíocht na dleachta frithdhumpála leathnaithe de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ar ceal leis seo i gcás an pháirtí a liostaítear sa tábla in Airteagal 1.

Ba cheart an dleacht leathnaithe a bhailiú amhail ón dáta dá bhforáiltear sa cholún dar teideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo agus chuig an bpáirtí a liostaítear in Airteagail 1 agus foilsítear é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Valdis DOMBROVSKIS
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*